Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**16776/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0318(COD)**

**AGRI 878**
**AGRIORG 181**
**CODEC 2312**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Nollaig 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 576 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le comhar i measc údaráis forfheidhmithe atá freagrach as forfheidhmiú Threoir (AE) 2019/633 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 576 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 576 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 10.12.2024
COM(2024) 576 final

2024/0318 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le comhar i measc údaráis forfheidhmithe atá freagrach as forfheidhmiú Threoir (AE) 2019/633 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Le Treoir (AE) 2019/633[1] (an Treoir), ceanglaíodh ar na Ballstáit údaráis forfheidhmithe a ainmniú chun forfheidhmiú éifeachtach na dtoirmeasc a leagtar síos in Airteagal 3 den Treoir a áirithiú. Féadfaidh na húdaráis forfheidhmithe gníomhú ar a dtionscnamh féin nó ar bhonn gearán ó pháirtithe a ndéanann cleachtais éagóracha trádála i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia difear dóibh.

Tugadh rialacha isteach leis an Treoir freisin a bhaineann le cumhachtaí na n-údarás forfheidhmithe lena n-áirithítear gur féidir leis na húdaráis sin imscrúdú a dhéanamh, faisnéis a bhailiú agus a ordú go gcuirfí deireadh le cleachtas éagórach trádála (Airteagal 6 den Treoir).

Ina theannta sin, leis an Treoir ceanglaítear ar na húdaráis forfheidhmithe comhoibriú go héifeachtach le chéile agus leis an gCoimisiún, agus cúnamh frithpháirteach a thabhairt dá chéile in imscrúduithe a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo (Airteagal 8 den Treoir).

Ó thaithí na n-údarás forfheidhmithe, meastar go bhféadfadh sé a bheith deacair faisnéis a bhailiú, sárú a aimsiú agus fíneálacha agus pionóis eile atá chomh héifeachtach céanna a fhorchur agus a fhorfheidhmiú i gcás ina bhfuil an ceannaitheoir lonnaithe i mBallstát eile. Ba cheart, dá bhrí sin, cumas na n-údarás forfheidhmithe oibriú i gcomhar le chéile i gcásanna den sórt sin a neartú.

Is é is aidhm do dhúnadh na bearna forfheidhmiúcháin seasamh na bhfeirmeoirí sa slabhra soláthair a neartú. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, chuir an Coimisiún páipéar machnaimh ar aghaidh an 15 Márta 2024 inar fhógair sé sraith beart atá beartaithe chun seasamh feirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a fheabhsú. Bhí gníomh dlí neamhspleách lena dtugtar isteach rialacha nua maidir le forfheidhmiú trasteorann na Treorach sa tsraith beart a d'fhógair an Coimisiún.

Leis na Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024-2029, tugtar gealltanas seasamh feirmeoirí a neartú agus iad a chosaint a thuilleadh ar chleachtais éagóracha trádála. Thairis sin, sa Phlé Straitéiseach faoi Thodhchaí na Talmhaíochta san Aontas Eorpach, a d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh ina hAitheasc ar Staid an Aontais an 13 Meán Fómhair 2023 agus a seoladh i mí Eanáir 2024, inar tugadh le chéile 29 bpríomhpháirtí leasmhar ó earnálacha agraibhia na hEorpa, ón tsochaí shibhialta, ó phobail tuaithe agus ón saol acadúil ina thuarascáil deiridh[2], iarradh go ndéanfaí céimeanna réamhghníomhacha ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon *inter alia* chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar chleachtais éagóracha trádála.

Áiríodh sa Tuarascáil ar an bPlé Straitéiseach ar Thodhchaí na Talmhaíochta san Aontas Eorpach moltaí maidir le creat éifeachtach, cothrom agus comhréireach chun aghaidh a thabhairt ar chleachtais éagóracha trádála, i measc nithe eile, forfheidhmiú éifeachtach na reachtaíochta maidir le cleachtais éagóracha trádála, an comhar i measc na n-údarás forfheidhmithe i gcásanna trasteorann, lena n-áirítear ardán coiteann ar líne chun imscrúduithe

1 Treoir (AE) 2019/633 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia, (IO L 111, 25.4.2019, lch. 59, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/633/oj).

2 Plé Straitéiseach faoi Thodhchaí na Talmhaíochta san Aontas.

agus faisnéis faoi chásanna a chomhroinnt, chomh maith leis an ngá atá ann go mbeadh acmhainní leordhóthanacha comhréireacha ag na húdaráis forfheidhmithe chun an reachtaíocht a fhorfheidhmiú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Comhlánaíonn an togra an Treoir d'fhonn a áirithiú go mbeidh na huirlisí is gá ag na húdaráis forfheidhmithe chun faisnéis a bhailiú, sárú a aimsiú agus fíneálacha agus pionóis eile atá chomh héifeachtach céanna a fhorchur agus a fhorfheidhmiú i gcoinne ceannaitheoirí atá lonnaithe i mBallstát eile.

Ní chuireann an togra isteach ar an meastóireacht leanúnach atá á déanamh ag an gCoimisiún ar an Treoir i gcomhréir lena oibleagáid dhlíthiúil faoin Treoir féin ná ní dhéantar réamhbhreith leis ar thoradh na meastóireachta sin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Mar a mhínítear i meabhrán míniúcháin an togra arb í an Treoir anois í, tá raon feidhme difriúil ag dlí na hiomaíochta ó na rialacha maidir le cleachtais éagóracha trádála, ós rud é gur cleachtais aontaobhacha iad cleachtais éagóracha trádála nach mbaineann, i bhformhór na gcásanna, le ceannasacht a bheith ann i margadh ar leith ná le mí-úsáid na ceannasachta sin.

Dá réir sin, na rialacha sa togra seo lena leagtar síos bearta le haghaidh údaráis forfheidhmithe arna n-ainmniú faoin Treoir, agus lena n-aghaidh sin amháin, tá siad comhoiriúnach agus comhlántach le rialacha iomaíochta an Aontais.

Cé gur ghlac an tAontas rialacha maidir le comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú[3] freisin, tá raon feidhme na rialacha sin éagsúil leis na rialacha sa togra seo, ós rud é go bhfuil feidhm ag na rialacha maidir le cosaint tomhaltóirí i ndáil le cásanna gnólacht le tomhaltóir agus nach gcumhdaítear leo, dá réir sin, cásanna gnólacht le gnólacht, cé go bhféadfaidh na Ballstáit a roghnú a raon feidhme a leathnú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **An bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE toisc go gcomhlánaíonn sé an Treoir, atá bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE í féin.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Baineann an togra seo le cleachtais éagóracha trádála a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo. Ní féidir leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt go leormhaith ar an ngné thrasteorann a bhaineann le forfheidhmiú na rialacha maidir le cleachtais éagóracha trádála, go háirithe i gcás cleachtais éagóracha trádála a bhfuil tionchar acu ar níos mó ná dhá Bhallstát.

---

3 Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 345, 27.12.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2394/oj).

- **Comhréireacht**

Is é is aidhm don togra an comhar idir údaráis forfheidhmithe a fheabhsú agus a mhéadú, agus an tráth céanna an cur isteach is lú is féidir ar dhlíchórais na mBallstát a choinneáil ar bun. Leis na rialacha atá beartaithe maidir le faisnéis a bhailiú agus leis na rialacha atá beartaithe maidir le forfheidhmiú, ní athraítear na rialacha náisiúnta lena rialaítear bailiú faisnéise agus glacadh beart forfheidhmiúcháin. Ina ionad sin, is é is aidhm do na rialacha atá beartaithe a áirithiú go gcuirfear bunús dlí ar fáil chun malartuithe faisnéise agus iarrataí ar bhearta forfheidhmiúcháin a chumasú, a leanfaidh an t-údarás iarrtha a rialacha náisiúnta ina leith.

Níl tionchar ag an togra ach oiread ar chóras riaracháin ná ar dhlíthe nós imeachta na mBallstát a bhfuil sé de shaoirse acu i gcónaí a gcóras forfheidhmithe le haghaidh na rialacha maidir le cleachtais éagóracha trádála a cheapadh.

- **An rogha ionstraime**

Roghnaíodh Rialachán (mar a roghnaíodh i gcás ionstraimí comhair eile de chuid an Aontais, go háirithe na hionstraimí sin maidir le comhar custaim[4], comhar CBL[5], rialuithe beatha agus bia[6], agus cosaint tomhaltóirí[7]), toisc go ndéantar foráil go bunúsach leis na rialacha atá beartaithe maidir le socruithe comhair atá infheidhme go díreach idir údaráis phoiblí.

Gan creat dlíthiúil iomchuí de chuid an Aontais a bhfuil feidhm dhíreach aige sna Ballstáit uile, d’fheadfadh gach Ballstát cur chuige difriúil a ghlacadh agus rialacha á leagan síos aige lena rialaítear iarrataí ar fhaisnéis nó iarrataí ar bhearta forfheidhmiúcháin agus d’fhéadfadh sé roinnt coinníollacha a leagan amach le haghaidh ghníomhaíochtaí an údaráis forfheidhmithe. D’fhéadfadh éiginnteacht dhlíthiúil a bheith ina toradh air sin agus, ar deireadh, d’fhéadfadh sé sin bac a chur ar an bhforfheidhmiú in aghaidh cleachtais éagóracha trádála i gcásanna trasteorann a bheartaítear leis an Treoir.

4 Rialachán (AE) 2021/444 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2021 lena mbunaítear an Clár Custaim chun comhar a dhéanamh i réimse an chustaim agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1294/2013 (IO L 87, 15.3.2021, lch. 1–16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/444/oj

5 Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2010 maidir le comhar riaracháin agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise i réimse na cánach breisluacha (IO L 268 12.10.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/904/2024-01-01

6 Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla), IO L 095, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/2022-01-28

7 Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 345, 27.12.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2394/2022-01-01

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Is togra é seo le haghaidh Rialachán nua ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus níl sé ag teacht sna sála ar mheastóireacht *ex post* ná seiceáil oiriúnachta ar reachtaíocht atá ann cheana.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar gheall ar phráinn, ní dhearnadh aon ghlao foirmiúil ar fhianaise. Mar sin féin, reáchtáladh roinnt ceardlann, imeachtaí agus cruinnithe le páirtithe leasmhara, inar chuir páirtithe leasmhara barúlacha, fianaise agus moltaí isteach maidir leis an gcaoi a bhféadfaí feabhas a chur ar fhorfheidhmiú cleachtas éagórach trádála.

Tagann na húdaráis forfheidhmithe atá freagrach as forfheidhmiú na Treorach le chéile uair sa bhliain ar a laghad agus pléann siad dea-chleachtais, cásanna nua agus forbairtí nua i réimse na gcleachtas éagórach trádála i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia, agus malartaíonn siad faisnéis. Éascaíonn an Coimisiún na cruinnithe sin go léir agus, sa chomhthéacs sin, bhailigh sé tuairimí na n-údarás forfheidhmithe maidir le forfheidhmiú trasteorann.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Cé nach ndearnadh aon ghlao ar fhianaise ná aon chomhairliúchán poiblí mar gheall ar an bpráinn a bhaineann le gníomhú, chuir an Coimisiún na bearta atá beartaithe i láthair do na páirtithe leasmhara agus na húdaráis forfheidhmithe roinnt uaireanta agus chuir siad i láthair iad ag cruinnithe déthaobhacha ina raibh na comhlachais ábhartha uile atá bunaithe san Aontas laistigh den slabhra soláthair agraibhia, lena n-áirítear tomhaltóirí.

D'aithin na húdaráis forfheidhmithe na dúshláin a bhaineann le forfheidhmiú trasteorann in aghaidh cleachtais éagóracha trádála agus d'fhorbair siad treoirlínte, teimpléid agus nósanna imeachta coiteanna chun comhordú níos éifeachtaí eatarthu a áirithiú.

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh measúnú tionchair maidir leis an togra seo mar gheall ar an rogha theoranta idir na roghanna beartais atá ar fáil don Choimisiún. Measfar gur uirlis forfheidhmiúcháin é an togra lena leagtar síos oibleagáidí atá ann cheana faoin Treoir maidir le cleachtais éagóracha trádála (nach bhfuil aon riail nós imeachta i bhfeidhm ina leith maidir le conas é sin a bhaint amach), lena gcuirfear feabhas ar chomhar i measc na n-údarás forfheidhmithe.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá an togra seo ar cheann de na bearta a fógraíodh sa Pháipéar Machnaimh ón gCoimisiún an 15 Márta 2024 mar chuid den Phacáiste Simplithe.

Trí chreat dlíthiúil de chuid an Aontais is infheidhme sna Ballstáit uile a leagan amach, áiritheofar nach mbeidh aon chur chuige éagsúil ann a d'fhéadfadh an bonn a bhaint den deimhneacht dhlíthiúil, a d'fhéadfadh nósanna imeachta fada a bheith ina dtoradh air, agus a d'fhéadfadh mearbhall a chruthú sa chomhar i measc na n-údarás forfheidhmithe.

Ina theannta sin, tugadh faoi deara sa tuairim ón Ardán 'Réidh don Todhchaí', cé go bhféadfadh níos lú solúbthachta a bheith ina toradh ar chomhchuibhiú méadaithe chun na

rialacha a oiriúnú ar an leibhéal náisiúnta, gur gá, mar gheall ar na dúshláin iomadúla a thagann chun cinn agus aghaidh á tabhairt ar chleachtais éagóracha trádála a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo, rialacha dlíthiúla a achtú a mbeidh feidhm acu i ngach Ballstát agus iad ag déileáil le cleachtais éagóracha trádála a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo.

- **Cearta bunúsacha**

Tá an tAontas tiomanta do chaighdeáin arda maidir le cosaint na gceart bunúsach.

Urramaítear leis an togra seo na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Cuirfidh an togra le cumas na soláthróirí gnó a dhéanamh. Is é is aidhm don togra freisin a áirithiú go mbeidh feidhmiú na gcumhachtaí dá dtagraítear sa Rialachán seo faoi réir coimircí iomchuí i ndáil le cearta cosanta na gceannaitheoirí, lena n-áirítear an ceart chun éisteacht a fháil agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil. Ceanglaítear leis an togra freisin go ndéanfar imeachtaí forfheidhmiúcháin na n-údarás forfheidhmithe laistigh de thréimhse ama réasúnta.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh tionchar ag an togra ar bhuiséad an Aontais. Bheadh gá le suíomh gréasáin atá ann cheana a úsáid chun faisnéis a mhalartú idir na húdaráis forfheidhmithe agus an Coimisiún.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Is togra le haghaidh Rialachán nua de chuid an Aontais a bheidh ina uirlis chomhlántach leis an Treoir é an togra seo. Dá bhrí sin, tá an plean cur chun feidhme agus na socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe fós mar an gcéanna leis na socruithe faoin gcreat atá ann faoi láthair.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Baineann an togra le Rialachán de chuid an Aontais.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Ar an gcéad dul síos, ba cheart rialacha nós imeachta a leagan síos maidir le malartuithe faisnéise idir údaráis forfheidhmithe. Déanfar iarrataí ar fhaisnéis i scríbhinn agus luafar foráil chomhfhreagrach na Treorach iontu, chomh maith leis an dlí náisiúnta. Baileoidh an t-údarás forfheidhmithe iarrtha an fhaisnéis a iarradh agus úsáidfidh an t-údarás forfheidhmithe is iarratasóir í i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta.

Ar an dara dul síos, tugtar isteach an fhéidearthacht go bhfeidhmeodh údarás forfheidhmithe iarrtha, i gcomhréir le rialacha náisiúnta a Bhallstáit, na cumhachtaí a thugtar dó leis an Treoir.

Ar an tríú dul síos, ba cheart údarás forfheidhmithe a bheith in ann, arna iarraidh sin d’údarás eile, i gcomhréir le rialacha náisiúnta a Bhallstáit, cinntí críochnaitheacha a fhorfheidhmiú lena bhforchuirtear fíneálacha nó pionóis agus bearta eatramhacha eile atá chomh héifeachtach céanna, arna nglacadh i gcomhréir leis an Treoir.

Ar an gceathrú dul síos, chun trédhearcacht a mhéadú, ba cheart údaráis forfheidhmithe a bheith in ann fógra a thabhairt faoina gcinntí do na húdaráis forfheidhmithe eile.

Ar an gcúigiú dul síos, chun a áirithiú go gcruthófar an sásra um chúnamh frithpháirteach a bunaíodh faoin Rialachán, ba cheart rialacha uileghabhálacha a leagan síos lena gcuirtear é ar a gcumas do na húdaráis forfheidhmithe diúltú iarraidh ar chúnamh frithpháirteach a chomhlíonadh.

Ar an séú dul síos, chun bacainní ar chomhar rianúil a sheachaint a bhaineann le córas teanga comhaontaithe a bheith in easnamh, ba cheart rialacha a leagan síos lena gceadaítear do na húdaráis forfheidhmithe teacht ar chomhaontú maidir leis an teanga atá le húsáid i ngach fógra, iarraidh agus cumarsáid eatarthu, chomh maith le rialacha i gcás easaontais eatarthu.

Ar an seachtú dul síos, i gcomhréir leis an Rialachán seo, ba cheart cleachtas éagórach trádála a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis, a bhfuil trí Bhallstát ar a laghad páirteach ann, a mheas mar chleachtas éagórach trádála forleathan.

Ar an ochtú dul síos, i gcás cleachtais éagóracha trádála forleathan, ba cheart údaráis forfheidhmithe na mBallstát lena mbaineann a bheith in ann foláirimh a eisiúint, dul i mbun gníomhaíochtaí comhordaithe, agus comhordaitheoir a ainmniú chun an comhar a chomhordú i measc na n-údarás ábhartha ar ina gcríoch a d'fhéadfadh an cleachtas a bheith ar siúl.

Ar an naoú dul síos, ba cheart nósanna imeachta a leagan síos maidir le comhordú a dhéanamh ar bhearta imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin a bhaineann le cleachtais éagóracha trádála fhorleathana a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo.

Ar an deichiú dul síos, is gá na cásanna a liostú ina bhféadfaidh údarás forfheidhmithe lena mbaineann cinneadh a dhéanamh diúltú páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht chomhordaithe.

Ar an haonú dul síos déag, d'fhonn a áirithiú go mbeidh na huirlisí uile is gá ag na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe chun cumarsáid, comhoibriú agus comhordú a dhéanamh, ba cheart rialacha maidir le socruithe teanga a leagan síos leis an Rialachán seo.

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le comhar i measc údaráis forfheidhmithe atá freagrach as forfheidhmiú Threoir (AE) 2019/633 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2019/633 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], tugadh isteach íoschaighdeán cosanta de chuid an Aontais in aghaidh cleachtais éagóracha trádála chun laghdú a dhéanamh ar líon na gcleachtas ar dócha go mbeadh tionchar diúltach acu ar chaighdeáin mhaireachtála an phobail talmhaíochta.

(2) Le Treoir (AE) 2019/633, ceanglaítear ar na Ballstáit údaráis forfheidhmithe a áirithíonn forfheidhmiú éifeachtach na dtoirmeasc a leagtar síos sa Treoir sin a ainmniú. Ceanglaítear leis an Treoir sin freisin ar an gCoimisiún agus ar na húdaráis forfheidhmithe sin oibriú i ndlúthchomhar le chéile chun cur chuige coiteann a áirithiú i ndáil le cur i bhfeidhm na rialacha a leagtar amach sa Treoir sin. Go háirithe, ba cheart do na húdaráis forfheidhmithe cúnamh frithpháirteach a thabhairt dá chéile, lena n-áirítear trí fhaisnéis a chomhroinnt agus trí chabhrú le himscrúduithe a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo.

(3) De bharr phrionsabal an chríochachais, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag údaráis forfheidhmithe faisnéis a bhailiú, sárú a aimsiú agus fíneálacha agus pionóis eile atá chomh héifeachtach céanna a fhorchur agus a fhorfheidhmiú i gcás ina bhfuil ceannaitheoir bunaithe i mBallstát eile. Déanann deacrachtaí den sórt sin difear don chóras forfheidhmithe a bunaíodh le Treoir (AE) 2019/633, córas atá ag brath ar an gcomhar idir údaráis forfheidhmithe, agus d'fhéadfadh forfheidhmiú míchothrom maidir le cleachtais éagóracha trádála a bheith ina thoradh air, rud a bhainfeadh an

1 IO C […], […], lch. […].
2 IO C , , lch. .
3 Treoir (AE) 2019/633 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia, (IO L 111, 25.4.2019, lch. 59, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/633/oj).

bonn den chosaint do sholáthraithe táirgí talmhaíochta agus bia atá beartaithe leis an Treoir sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, rialacha a bhunú lena neartófar an comhar idir údaráis forfheidhmithe i gcásanna trasteorann.

(4) Ós rud é go gceadaítear do na Ballstáit, le Treoir (AE) 2019/633, rialacha náisiúnta níos déine a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach in aghaidh cleachtais éagóracha trádála, ba cheart a shoiléiriú nach gcumhdaítear na rialacha sin leis an Rialachán seo. Mar sin féin, leis an Rialachán seo, ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit a chinneadh gur féidir lena n-údaráis forfheidhmithe úsáid a bhaint as an bhféidearthacht faisnéis a mhalartú a bhunaítear faoin sásra um chúnamh frithpháirteach a leagtar amach sa Rialachán seo i ndáil leis na rialacha sin. Sna cásanna sin, ba cheart an ceart a bheith fós ag na húdaráis forfheidhmithe diúltú iarraidh den sórt sin a chomhlíonadh.

(5) Chun cur i bhfeidhm éifeachtach a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a áirithiú, ba cheart na hacmhainní agus an saineolas is gá a sholáthar do na húdaráis forfheidhmithe.

(6) Ba cheart an chumhacht a bheith ag údaráis forfheidhmithe aon ábhar fíorais nó dlí, lena n-áirítear faisnéis rúnda, a sholáthar dá chéile agus a úsáid mar fhianaise i gcomhréir lena ndlí náisiúnta. Ní úsáidfear an fhaisnéis a mhalartófar ach i mar fhianaise chun na rialacha a bunaítear le Treoir (AE) 2019/633 a chur i bhfeidhm agus i leith an ábhair ar bhailigh an t-údarás tarchuir í ina leith.

(7) Ba cheart údaráis forfheidhmithe a chumhachtú ina gcríoch féin chun na cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointí (b) agus (c), de Threoir (AE) 2019/633 a fheidhmiú, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, thar ceann údarás forfheidhmithe eile agus chun cuntais na n-údarás sin.

(8) Ba cheart d'údaráis forfheidhmithe a chéile a chur ar an eolas faoi chleachtas éagórach trádála a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis a tharla nó atá ag tarlú ina gcríoch.

(9) Ba cheart cumhacht a thabhairt d'údaráis forfheidhmithe ina gcríoch féin agus i gcomhréir lena ndlí náisiúnta chun cinntí críochnaitheacha lena bhforchuirtear fíneálacha nó pionóis eile atá chomh héifeachtach céanna a fhorfheidhmiú, nó imeachtaí a thionscnamh ina leith, thar ceann údarás forfheidhmithe eile agus chun cuntais na n-údarás sin, ar choinníoll go bhfuil iarrachtaí réasúnacha déanta ag na húdaráis forfheidhmithe eile sin chun a fháil amach nach bhfuil sócmhainní leordhóthanacha i mBallstáit na n-údarás forfheidhmithe eile sin ag na ceannaitheoirí a bhfuil na fíneálacha nó na pionóis eile atá chomh héifeachtach céanna le forchur ina gcoinne.

(10) Ba cheart údaráis forfheidhmithe a bheith in ann faisnéis a mhalartú agus a lorg ó údaráis forfheidhmithe eile trí iarrataí ar fhaisnéis a eisiúint. Ba cheart a shonrú sna hiarrataí sin cén fhaisnéis a mheastar a bheith riachtanach i ngach cás chun imscrúduithe a dhéanamh ar chleachtais éagóracha trádála.

(11) Níor cheart údaráis forfheidhmithe a bheith i dteideal diúltú iarraidh ar fhaisnéis a chomhlíonadh ná diúltú páirt a ghlacadh i mbearta forfheidhmiúcháin ach amháin más dócha go n-áiritheofaí le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus cinntí riaracháin arna ndéanamh ar an leibhéal náisiúnta lasmuigh den sásra um chúnamh frithpháirteach go scoirfí den chleachtas éagórach trádála a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis. Thairis sin, ba cheart d'údaráis forfheidhmithe cúiseanna a thabhairt le diúltú den sórt sin.

(12) D'fhéadfadh easpa socruithe nós imeachta maidir leis an gcóras teanga a bheith ina bacainn ar chomhar rianúil idir údaráis forfheidhmithe. Ar an gcúis sin, ba cheart rialacha a leagan síos lena gceadaítear do na húdaráis forfheidhmithe teacht ar

chomhaontú maidir leis an teanga atá le húsáid i ngach fógra, iarraidh agus teachtaireacht eatarthu, chomh maith le rialacha i gcás easaontais eatarthu.

(13) D'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na mbeart a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun go mbeidh sé in ann foirmeacha caighdeánacha a fhorbairt le haghaidh iarrataí ar fhaisnéis nó iarrataí ar bhearta forfheidhmiúcháin. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]. In éagmais foirmeacha caighdeánacha arna bhforbairt ag an gCoimisiún, ba cheart na húdaráis forfheidhmithe a bheith i dteideal na foirmeacha sin a fhorbairt chun an sásra um chúnamh frithpháirteach a éascú.

(14) I gcás ina bhféadfadh cleachtas éagórach trádála forleathan a bheith ar siúl a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis agus a bhfuil trí Bhallstát ar a laghad bainteach leis, ba cheart na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann an cleachtas sin a bheith in ann foláirimh a eisiúint, dul i mbun gníomhaíochtaí comhordaithe, agus comhordaitheoir a ainmniú chun an comhar a chomhordú i measc na n-údarás ábhartha ar ina gcríoch a d'fhéadfadh an cleachtas a bheith ar siúl. Chun a shuí cé na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann cleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis, ba cheart na gnéithe ábhartha uile a mheas, go háirithe an áit a bhfuil an ceannaitheoir bunaithe agus suíomh na soláthróirí a bhféadfadh an cleachtas éagórach trádála difear a dhéanamh dóibh. Ba cheart tacú le cleachtais éagóracha trádála fhorleathana a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo a bhrath trí fhaisnéis a mhalartú idir údaráis forfheidhmithe i gcás ina bhfuil amhras réasúnach ann faoi chleachtais éagóracha trádála den sórt sin a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo. Ba cheart don chomhordaitheoir a inniúlacht a fheidhmiú faoi chuimsiú dlúthchomhair leis na húdaráis forfheidhmithe eile lena mbaineann. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do na húdaráis forfheidhmithe uile lena mbaineann páirt ghníomhach a ghlacadh san imscrúdú ag céim luath, agus foláirimh a eisiúint don Choimisiún agus do na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann cleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis agus an fhaisnéis is gá atá ar fáil dóibh faoi na cleachtais sin a roinnt.

(15) Ba cheart nósanna imeachta a leagan síos maidir le comhordú a dhéanamh ar bhearta imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin a bhaineann le cleachtais éagóracha trádála fhorleathana a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo. Le gníomhaíochtaí comhordaithe in aghaidh cleachtais éagóracha trádála fhorleathana a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo, ba cheart a áirithiú go mbeidh údaráis forfheidhmithe in ann na huirlisí is iomchuí agus is éifeachtúla a roghnú chun deireadh a chur leis na cleachtais sin.

(16) Is gá na cásanna a liostú ina bhféadfaidh údarás forfheidhmithe lena mbaineann cinneadh a dhéanamh diúltú páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht chomhordaithe. Go háirithe, i gcás easpa acmhainní atá ar fáil a bheith ag údarás forfheidhmithe lena mbaineann an cleachtas éagórach trádála sin a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis, níor cheart a mheas gur údar é sin le diúltú páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht chomhordaithe.

---

4 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

(17) D’fhonn a áirithiú go mbeidh na huirlisí uile is gá ag na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe chun cumarsáid, comhar agus comhordú a dhéanamh, ba cheart rialacha maidir le socruithe teanga a leagan síos leis an Rialachán seo.

(18) Leis an Rialachán seo, urramaítear cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus atá ann i dtraidisiúin bhunreachtúla na mBallstát. Dá réir sin, ba cheart an Rialachán seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin.

(19) Níor cheart difear a dhéanamh d’imscrúduithe coiriúla ná d’imeachtaí breithiúnacha sna Ballstáit le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(20) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, is é sin comhar idir na húdaráis forfheidhmithe atá freagrach as forfheidhmiú an toirmisc ar chleachtais éagóracha trádála faoi Threoir (AE) 2019/633, toisc nach féidir leo comhar agus comhordú a áirithiú trí ghníomhú ina n-aonar, agus, de bharr raon feidhme críochach agus pearsanta an chuspóra, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(21) Chun an t-am is gá a thabhairt do na húdaráis forfheidhmithe chun na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin a chur siar bliain amháin tar éis a theacht i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I

## FORÁLACHA RÉAMHRÁITEACHA

*Airteagal 1*

### Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha áirithe faoina n-oibreoidh na húdaráis forfheidhmithe i gcomhar le chéile agus faoina ndéanfaidh siad gníomhaíochtaí a chomhordú le chéile, tar éis a bheith ainmnithe ag a mBallstát mar údaráis atá freagrach as forfheidhmiú an toirmisc ar chleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia faoi Threoir (AE) 2019/633.

*Airteagal 2*

### Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le forfheidhmiú an toirmisc ar chleachtais éagóracha trádála a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia a leagtar síos in Airteagal 3(1) agus (2) de Threoir (AE) 2019/633.

Mar sin féin, tá feidhm ag Airteagal 5 den Rialachán seo freisin maidir le rialacha náisiúnta de réir bhrí Airteagal 9 de Threoir (AE) 2019/633 má chinneann an Ballstát amhlaidh i gcomhréir le mír 4 den Airteagal sin.

2. Tá an Rialachán seo gan dochar do rialacha an Aontais agus do rialacha náisiúnta maidir leis an dlí idirnáisiúnta príobháideach, go háirithe rialacha a bhaineann le dlínse cúirteanna agus na dlíthe is infheidhme.

3. Tá an Rialachán seo gan dochar do bhearta a chur i bhfeidhm sna Ballstáit a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla, go háirithe feidhmiú an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh a bunaíodh le Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle[5].

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe dá dtagraítear in Airteagal 2 de Threoir (AE) Uimh. 2019/633. Ina theannta sin, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'údarás forfheidhmithe' an t-údarás náisiúnta nó na húdaráis náisiúnta arna ainmniú nó arna n-ainmniú ag Ballstát de bhun Airteagal 4(1) de Threoir (AE) 2019/633;

(b) ciallaíonn 'údarás forfheidhmithe is iarratasóir' an t-údarás forfheidhmithe a dhéanann iarraidh ar chúnamh frithpháirteach;

(c) ciallaíonn 'údarás forfheidhmithe iarrtha' an t-údarás forfheidhmithe a fhaigheann iarraidh ar chúnamh frithpháirteach;

(d) ciallaíonn 'cleachtas éagórach trádála a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis' aon chleachtas éagórach trádála de réir bhrí Threoir (AE) 2019/633 a bhfuil soláthróir amháin agus ceannaitheoir amháin páirteach ann atá lonnaithe i mBallstáit éagsúla;

(e) ciallaíonn 'cleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis' aon chleachtas éagórach trádála de réir bhrí Threoir (AE) 2019/633 a bhfuil baint ag trí Bhallstát ar a laghad leis;

(f) ciallaíonn 'cinneadh críochnaitheach' cinneadh nach féidir achomharc a dhéanamh ina aghaidh ar an ngnáthbhealach, nó nach féidir achomharc a dhéanamh ina aghaidh ar an ngnáthbhealach a thuilleadh.

## CAIBIDIL II

## ACMHAINNÍ AGUS CAITEACHAS

*Airteagal 4*

**Acmhainní agus saineolas**

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na hacmhainní agus an saineolas is gá ag na húdaráis forfheidhmithe chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

## CAIBIDIL III

## SÁSRA UM CHÚNAMH FRITHPHÁIRTEACH

5 Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach (IO L 348, 24.12.2008, lch. 130, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/976/oj).

*Airteagal 5*

**Iarrataí ar fhaisnéis**

1. Arna iarraidh sin d'údarás forfheidhmithe is iarratasóir, déanfaidh údarás forfheidhmithe iarrtha, gan mhoill, agus laistigh de 60 lá mura gcomhaontaítear a mhalairt, an fhaisnéis arna hiarraidh a sholáthar don údarás forfheidhmithe is iarratasóir chun a shuí ar tharla cleachtas éagórach trádála a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis i mBallstát an údaráis forfheidhmithe is iarratasóir nó an bhfuil cleachtas den chineál sin ag tarlú.

2. Agus iarraidh ar fhaisnéis á seoladh chuig an údarás forfheidhmithe iarrtha, luafaidh an t-údarás forfheidhmithe is iarratasóir mar bhunús dlí an Rialachán seo, an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir (AE) 2019/633, agus forálacha comhfhreagracha Threoir (AE) 2019/633, cuspóir na hiarrata, agus sonróidh sé cén fhaisnéis atá á hiarraidh.

3. Is é an t-údarás forfheidhmithe iarrtha amháin a bhaileoidh an fhaisnéis a sholáthrófar agus ní úsáidfidh an t-údarás forfheidhmithe is iarratasóir í ach amháin i gcomhréir lena ndlí náisiúnta.

4. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gur féidir le húdaráis forfheidhmithe úsáid a bhaint as na féidearthachtaí dá dtagraítear san Airteagal seo i ndáil le rialacha náisiúnta de réir bhrí Airteagal 9 de Threoir (AE) 2019/633.

I gcás ina mbainfidh údarás forfheidhmithe is iarratasóir úsáid as an bhféidearthacht dá bhforáiltear i bhfomhír 1, féadfaidh an t-údarás forfheidhmithe iarrtha diúltú faisnéis a sholáthar, agus na cúiseanna leis an diúltú á lua aige.

**Airteagal 6**

**Iarrataí ar bhearta forfheidhmiúcháin**

1. Arna iarraidh sin d'údarás forfheidhmithe is iarratasóir agus thar a cheann, feidhmeoidh an t-údarás forfheidhmithe iarrtha, i gcomhréir le rialacha náisiúnta a Bhallstáit, na cumhachtaí a leagtar amach in Airteagal 6(1), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), de Threoir (AE) 2019/633.

2. I gcás ina bhfeidhmeoidh údarás forfheidhmithe iarrtha na cumhachtaí a leagtar amach in Airteagal 6(1), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), de Threoir (AE) 2019/633 arna iarraidh sin d'údarás forfheidhmithe is iarratasóir agus thar a cheann, beidh cead ag oifigigh agus daoine tionlacain eile arna n-údarú nó arna gceapadh ag an údarás forfheidhmithe is iarratasóir a bheith i láthair agus cúnamh a thabhairt don údarás forfheidhmithe iarrtha, faoi mhaoirseacht oifigigh an údaráis forfheidhmithe iarrtha.

3. Cuirfidh an t-údarás forfheidhmithe iarrtha an t-údarás forfheidhmithe is iarratasóir ar an eolas go tráthrialta faoi na céimeanna agus na bearta a glacadh gus faoi na céimeanna agus na bearta a bhfuil sé i gceist aige a ghlacadh.

*Airteagal 7*

**Iarrataí ar fhorfheidhmiú cinntí lena bhforchuirtear fíneálacha nó pionóis agus bearta eatramhacha eile atá chomh héifeachtach céanna**

1. Arna iarraidh sin d'údarás forfheidhmithe is iarratasóir, déanfaidh an t-údarás iarrtha, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, cinntí críochnaitheacha a fhorfheidhmiú lena bhforchuirtear fíneálacha nó pionóis agus bearta eatramhacha eile atá chomh héifeachtach céanna arna

nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 6(1), an chéad fhomhír, pointe (e), de Threoir (AE) 2019/633.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ach amháin sa mhéid go bhfionnfaidh an t-údarás forfheidhmithe is iarratasóir, tar éis dó iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh ina chríoch féin, nach bhfuil sócmhainní leordhóthanacha i gcríoch a Bhallstáit ag an gceannaitheoir a bhfuil an fhíneáil agus na pionóis eile agus na bearta eatramhacha infhorfheidhmithe ina choinne.

3. Ní fhéadfaidh an t-údarás forfheidhmithe is iarratasóir iarraidh ar fhorfheidhmiú a dhéanamh ach amháin i gcás cinneadh críochnaitheach.

4. Is le dlí náisiúnta Bhallstát an údaráis iarrtha a rialófar ceisteanna maidir le tréimhsí teorann i dtaca le fíneálacha, pionóis agus bearta eatramhacha eile atá chomh héifeachtach céanna a fhorfheidhmiú.

*Airteagal 8*

**Sásra fógartha**

Tabharfaidh údarás forfheidhmithe fógra do gach údarás forfheidhmithe eile laistigh de mhí amháin tar éis cinneadh a ghlacadh lena suitear gur tharla cleachtas éagórach trádála a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis ina Bhallstát.

*Airteagal 9*

**Nós imeachta um iarrataí ar chúnamh frithpháirteach**

1. Agus cúnamh frithpháirteach á iarraidh aige, soláthróidh an t-údarás forfheidhmithe is iarratasóir aon fhaisnéis ábhartha atá riachtanach ionas gur féidir leis an údarás forfheidhmithe iarrtha an iarraidh sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear aon fhaisnéis nach féidir a fháil ach i mBallstát an údaráis forfheidhmithe is iarratasóir.

2. Na hiarrataí ar chúnamh frithpháirteach agus gach cumarsáid a bhaineann leo, déanfar iad i scríbhinn agus úsáid á baint as foirmeacha caighdeánacha.

*Airteagal 10*

**Diúltú iarraidh ar chúnamh frithpháirteach a chomhlíonadh**

1. Féadfaidh údarás forfheidhmithe iarrtha diúltú iarraidh ar fhaisnéis arna déanamh faoi Airteagal 11 a chomhlíonadh, más fíor ceann amháin de na ráitis seo a leanas ar a laghad:

(a) tar éis comhairliúcháin leis an údarás forfheidhmithe is iarratasóir, níl gá ag an údarás forfheidhmithe is iarratasóir leis an bhfaisnéis a iarradh chun a shuí cé acu ar tharla nó nár tharla cleachtas éagórach trádála a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis nó cé acu atá nó nach bhfuil cleachtas den chineál sin ag tarlú;

(b) tionscnaíodh imscrúduithe coiriúla nó imeachtaí breithiúnacha cheana i gcoinne an cheannaitheora chéanna i ndáil leis an gcleachtas éagórach trádála céanna os comhair na n-údarás i mBallstát an údaráis forfheidhmithe iarrtha nó i mBallstát an údaráis forfheidhmithe is iarratasóir.

2. Féadfaidh údarás forfheidhmithe iarrtha diúltú iarraidh ar bhearta forfheidhmiúcháin a chuirtear isteach faoi Airteagail 6 agus 7 a chomhlíonadh, tar éis dó dul i gcomhairle leis an údarás forfheidhmithe is iarratasóir, más fíor ceann amháin de na ráitis seo a leanas ar a laghad:

(a) tionscnaíodh imscrúduithe coiriúla nó imeachtaí breithiúnacha cheana, tugadh breithiúnas, nó thángthas ar shocraíocht chúirte i ndáil leis an gcleachtas éagórach trádála céanna os comhair na n-údarás breithiúnach i mBallstát an údaráis forfheidhmithe iarrtha;

(b) tionscnaíodh feidhmiú na gcumhachtaí forfheidhmiúcháin atá riachtanach, nó glacadh cinneadh riaracháin cheana i gcoinne an trádálaí chéanna, i dtaobh an tsáraithe chéanna laistigh den Aontas cheana i mBallstát an údaráis iarrtha chun go scoirfí den chleachtas éagórach trádála céanna go tapa agus go héifeachtach;

(c) tionscnaíodh imscrúdú coiriúil nó imeachtaí breithiúnacha cheana os comhair údaráis bhreithiúnacha an iarratasóra maidir leis an gceannaitheoir céanna i ndáil leis an gcleachtas éagórach trádála céanna;

(d) níor sholáthair an t-údarás forfheidhmithe is iarratasóir an fhaisnéis atá riachtanach i gcomhréir le hAirteagal 5.

3. Cuirfidh an t-údarás forfheidhmithe iarrtha an t-údarás forfheidhmithe is iarratasóir ar an eolas faoi aon diúltú iarraidh ar chúnamh frithpháirteach a chomhlíonadh mar aon leis na forais atá leis an diúltú sin.

*Airteagal 11*

**Socruithe teanga**

1. Na teangacha a úsáideann na húdaráis forfheidhmithe le haghaidh iarrataí, fógraí agus gach cumarsáid eile a chumhdaítear leis an gCaibidil seo agus atá nasctha leis an sásra um chúnamh frithpháirteach, déanfar iad a chomhaontú leis na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann.

2. Mura féidir leis na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann teacht ar chomhaontú, seolfar iarrataí ar chúnamh frithpháirteach i dteanga oifigiúil nó i gceann de theangacha oifigiúla Bhallstát an údaráis forfheidhmithe is iarratasóir agus seolfar freagraí i dteanga oifigiúil nó i gceann de theangacha oifigiúla Bhallstát an údaráis forfheidhmithe iarrtha.

*Airteagal 12*

**Cumhachtaí cur chun feidhme**

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos foirmeacha caighdeánacha maidir le hiarrataí ar chúnamh frithpháirteach faoi Airteagal 9(2).

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad mhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 21.

## CAIBIDIL IV

## SÁSRAÍ UM IMSCRÚDÚ AGUS FORFHEIDHMIÚ LE hAGHAIDH CLEACHTAIS ÉAGÓRACHA TRÁDÁLA FHORLEATHANA A BHFUIL GNÉ THRASTHEORANN AG BAINT LEO

*Airteagal 13*

**Gníomhaíocht chomhordaithe a sheoladh agus an comhordaitheoir a ainmniú**

1. I gcás ina bhfuil amhras réasúnach ann go bhféadfadh cleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis a bheith ann, seolfaidh na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann an cleachtas sin gníomhaíocht chomhordaithe a bheidh bunaithe ar chomhaontú eatarthu. Tabharfar fógra don Choimisiún gan mhoill faoi sheoladh na gníomhaíochta comhordaithe.

2. Ainmneoidh na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann an cleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis údarás forfheidhmithe le bheith ina chomhordaitheoir.

3. Na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann an cleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis, seolfaidh siad imscrúduithe ar bhonn na faisnéise atá ar fáil dóibh. Cuirfidh siad torthaí na n-imscrúduithe sin in iúl do na húdaráis forfheidhmithe eile, de bhun Airteagal 19.

4. Glacfaidh údarás forfheidhmithe páirt sa ghníomhaíocht chomhordaithe más léir le linn na gníomhaíochta comhordaithe sin, maidir leis an gcleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis, go mbaineann sé leis an údarás forfheidhmithe.

5. Chun a shuí go mbaineann cleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis le húdarás forfheidhmithe, cuirfear na gnéithe uile san áireamh agus go háirithe na nithe seo a leanas:

a) na Ballstáit ina bhfuil na ceannaitheoirí bunaithe;

b) na Ballstáit ina bhfuil na soláthróirí bunaithe a bhféadfadh an cleachtas éagórach trádála difear a dhéanamh dóibh.

*Airteagal 14*

**Cúiseanna le diúltú páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht chomhordaithe**

1. Ní fhéadfaidh údarás forfheidhmithe diúltú páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht chomhordaithe ach amháin más fíor aon cheann de na ráitis seo a leanas:

(a) tionscnaíodh imscrúdú coiriúil nó imeachtaí breithiúnacha cheana, tugadh breithiúnas, nó thángthas ar shocraíocht chúirte i leith an cheannaitheora chéanna agus maidir leis an gcleachtas éagórach trádála céanna i mBallstát an údaráis forfheidhmithe sin;

(b) tá tús curtha cheana ag an údarás forfheidhmithe le himscrúduithe sula n-eisítear foláireamh dá dtagraítear in Airteagal 19, nó tá cinneadh riaracháin glactha in aghaidh an cheannaitheora chéanna maidir leis an gcleachtas éagórach trádála céanna i mBallstát an údaráis forfheidhmithe sin chun go scoirfear den chleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis;

(c) níor tharla an cleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis i mBallstát an údaráis forfheidhmithe sin agus, dá bhrí sin, ní gá don údarás forfheidhmithe sin aon bheart forfheidhmiúcháin a ghlacadh,

2. I gcás ina ndiúltóidh údarás forfheidhmithe páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht chomhordaithe, cuirfidh sé an Coimisiún agus na húdaráis forfheidhmithe eile lena mbaineann an cleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis ar an eolas faoina chinneadh gan mhoill, agus sonróidh sé na cúiseanna lena chinneadh agus soláthróidh sé aon doiciméid tacaíochta is gá.

*Airteagal 15*

**Bearta imscrúdúcháin i ngníomhaíochtaí comhordaithe**

1. Áiritheoidh na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe go ndéanfar imscrúduithe agus cigireachtaí ar bhealach comhordaithe. Féachfaidh siad le himscrúduithe agus le cigireachtaí a dhéanamh i gcomhthráth le chéile agus, a mhéid a cheadaítear amhlaidh faoin dlí náisiúnta, le bearta eatramhacha a chur i bhfeidhm.

2. Toradh an imscrúdaithe agus an mheasúnaithe ar an gcleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis, leagfaidh na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe amach é i gcomhsheasamh, ina ndéanfar achoimre ar na cinntí náisiúnta a glacadh.

3. Gan dochar do na rialacha maidir le rúndacht agus maidir le rúndacht ghairmiúil agus trádála a leagtar síos i dTreoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], foilseoidh na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe an comhsheasamh nó codanna de ar a suíomh gréasáin agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin bhfoilsiú.

*Airteagal 16*

**Bearta forfheidhmiúcháin i ngníomhaíochtaí comhordaithe**

1. Glacfaidh na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe, laistigh dá ndlínse, na bearta forfheidhmiúcháin uile is gá faoi Airteagal 6 de Threoir (AE) 2019/633 i gcoinne an cheannaitheora atá freagrach as an gcleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis chun go scoirfear den chleachtas éagórach trádála sin.

2. Glacfaidh na húdaráis forfheidhmithe bearta forfheidhmiúcháin de bhun mhír 1 i gcomhréir le rialacha náisiúnta a mBallstáit agus ar bhealach comhordaithe chun an cleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis a scor. Féachfaidh na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe le bearta forfheidhmiúcháin a ghlacadh go comhuaineach sna Ballstáit a bhfuil baint ag an sárú trasteorann forleathan sin leo.

*Airteagal 17*

**Gníomhaíocht chomhordaithe a scor**

1. Scoirfear de ghníomhaíocht chomhordaithe má thagann na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe ar an gconclúid go bhfuil deireadh tagtha leis an gcleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis sna Ballstáit uile lena mbaineann, nó nach ndearnadh aon chleachtas éagórach trádála forleathan den sórt sin a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis.

2. Tabharfaidh an comhordaitheoir dá dtagraítear in Airteagal 13(2) fógra, i gcás inarb infheidhme, d'údaráis forfheidhmithe na mBallstát lena mbaineann an ghníomhaíocht chomhordaithe faoi scor na gníomhaíochta comhordaithe gan mhoill.

---

6 Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó neamhnochta (rúin trádála) a chosaint i gcoinne a n-éadála, a n-úsáide agus a nochta neamhdhleathaigh (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/943/oj).

*Airteagal 18*

**Ról an chomhordaitheora**

1. Déanfaidh an comhordaitheoir a cheapfar i gcomhréir le hAirteagal 13 na nithe seo a leanas go háirithe:

(a) áiritheoidh sé go gcuirfear na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann ar an eolas go cuí agus go tráthúil faoi dhul chun cinn an imscrúdaithe nó an ghnímh forfheidhmiúcháin, agus go gcuirfear ar an eolas iad faoi aon chéim eile a bhfuil coinne léi agus faoi na bearta atá le glacadh;

(b) comhordóidh sé bearta imscrúdúcháin a dhéanfaidh na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann i gcomhréir leis an Rialachán seo agus déanfaidh sé faireachán orthu;

(c) comhordóidh sé ullmhú agus comhroinnt na ndoiciméad uile atá riachtanach idir na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann;

(d) coinneoidh sé i dteagmháil leis an gceannaitheoir agus le páirtithe eile a bhfuil baint acu leis na bearta imscrúdúcháin nó forfheidhmiúcháin, murar chomhaontaigh na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann agus an comhordaitheoir a mhalairt;

(e) i gcás inarb infheidhme comhordóidh sé an measúnú, na comhairliúcháin agus faireachán a dhéanann na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann chomh maith le céimeanna eile is gá chun na gealltanais a mholann an ceannaitheoir lena mbaineann a chur chun feidhme;

(f) i gcás inarb infheidhme, comhordóidh sé na bearta forfheidhmiúcháin arna nglacadh ag na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann;

(g) comhordóidh sé iarrataí ar chúnamh frithpháirteach arna gcur isteach ag na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann de bhun Chaibidil III.

2. Ní mheasfar go mbeidh an comhordaitheoir freagrach as gníomhaíochtaí nó neamhghníomhaíochtaí na n-údarás forfheidhmithe eile lena mbaineann nuair a bhainfidh siad úsáid as na cumhachtaí a leagtar amach in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2019/633 agus sna rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo.

*Airteagal 19*

**Foláirimh**

1. Cuirfidh údarás forfheidhmithe an Coimisiún agus na húdaráis forfheidhmithe eile ar an eolas gan mhoill go bhféadfadh cleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis a bheith ar siúl.

2. Agus foláireamh dá dtagraítear i mír 1 á eisiúint aige, soláthróidh an t-údarás forfheidhmithe faisnéis faoin gcleachtas éagórach trádála forleathan amhrasta a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis agus a chumhdaítear leis an Rialachán seo, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) tuairisc ar an gcleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis;

(b) mionsonraí maidir le hábhar an chleachtais éagóraigh trádála fhorleathain a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis;

(c) na Ballstáit lena mbaineann an cleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis, nó na Ballstáit a bhféadfadh baint a bheith acu leis;

(d) céannacht an cheannaitheora nó na gceannaitheoirí a bhfuil amhras ann go bhfuil an cleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis á dhéanamh acu;

(e) an cleachtas éagórach trádála lena mbaineann faoi Threoir (AE) 2019/633 agus tagairt don dlí náisiúnta;

(f) tuairisc ar aon imeachtaí dlíthiúla, bearta forfheidhmiúcháin nó bearta eile a rinneadh maidir leis an gcleachtas éagórach trádála forleathan a bhfuil gné thrasteorann ag baint leis, dátaí agus fad na n-imeachtaí, na mbeart forfheidhmiúcháin nó na mbeart sin, mar aon le stádas na n-imeachtaí nó na mbeart sin;

(g) céannacht na n-údarás forfheidhmithe a bhfuil na himeachtaí á dtabhairt acu agus bearta eile á nglacadh acu.

3. Féadfaidh an t-údarás forfheidhmithe, agus foláireamh á eisiúint aige, a iarraidh ar údaráis forfheidhmithe i mBallstáit eile a fhíorú, bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil nó a bhfuil rochtain éasca ag na húdaráis forfheidhmithe ábhartha uirthi, an bhféadfadh na cleachtais éagóracha trádála fhorleathana chéanna a bheith ar siúl i gcríoch na mBallstát eile sin nó an bhfuil aon imeacht ar feitheamh nó an ndearnadh aon bheart forfheidhmiúcháin cheana i gcoinne na gcleachtas éagórach trádála sin sna Ballstáit sin. Tabharfaidh na húdaráis forfheidhmithe sna Ballstáit eile sin freagra ar an iarraidh gan mhoill.

*Airteagal 20*

**Socruithe teanga**

1. Tiocfaidh na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann ar chomhaontú faoi na teangacha a úsáidfidh na húdaráis forfheidhmithe chun fógra a thabhairt agus sna cumarsáidí uile eile atá nasctha leis na gníomhaíochtaí comhordaithe a chumhdaítear leis an gCaibidil seo.

2. Mura féidir leis na húdaráis forfheidhmithe lena mbaineann teacht ar chomhaontú, seolfar fógraí agus cumarsáidí eile i dteanga oifigiúil nó i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit a dhéanfaidh an fógra nó an chumarsáid eile.

## CAIBIDIL V

## FORÁLACHA NÓS IMEACHTA

*Airteagal 21*

**Nós imeachta coiste**

1. Déanfaidh an Coiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta arna bhunú le hAirteagal 229 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

7 Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj).

## CAIBIDIL VI
## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 22*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [dáta glactha + 1 bhliain].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |